# Mhaire Bruineall

**Clannad**

Órú 'Mháire bhruinneall, 'bhláth na Finne
I ndiaidh mé do leanúint aniar anall,
Ó, ba bhinne liom do bhéal ná na cuacha a' seinm
Is tú 'd'fhág mise i ndealraidh 'n bháis

'Á mhéad é mo thuirse ní léir domh an choinneal
'S deir siad gur mise a mheallas na mná
Mharaigh tú go deo mé, lagaigh tú go mór mé
Is gach a bhfuil beo domh, bhris tú mo chroí

Tá a trí phointe óir léi síos go troigh
'Gus iad á gcarnadh ar gach taobh
Mharaigh tú go deo mé, lagaigh tú go mór mé
Is gach a bhfuil beo domh, bhris tú mo chroí

Bhí mé lá go ceolmhar ins an ród
Tharla domhsa an óigbhean chiúin
Mharaigh tú go deo mé, lagaigh tú go mór mé
Is gach a bhfuil beo domh, bhris tú mo chroí

Órú 'Mháire bhruinneall, 'bhláth na Finne
I ndiaidh mé do leanúint aniar anall,
Ó, ba bhinne liom do bhéal ná na cuacha a' seinm
Is tú 'd'fhág mise i ndealraidh 'n bháis



Sponzor: www.srovnavac.cz - šetříme na pojištění!